


1 Toradh airgeadais an Státhchiste do 2023

- 1.1** Íoctar ioncam uile an Stáit isteach i Lárchiste an Státhchiste mura gcinntear a mhalairt leis an dlí.¹ Úsáidtear eisiúintí ón Lárchiste go príomha chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú, agus chun fiachas Stáit a sheirbhísiú.
- 1.2** Léiríonn na Cuntais Airgeadais bhliantúla na fáltais isteach sa Lárchiste agus na heisiúintí uaidh, mar aon le sonraí a bhaineann le hiasacht a fhaigheann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Stáit.²
- 1.3** In 2023, b'ionann barrachas an Státhchiste agus díreach faoi bhun **€1.2 billiún**. Cuirtear é seo i gcomparáid le barrachas de €5 bhilliún in 2022. Ba é an laghdú toradh glan de mheascán tosca lena n-áirítear caiteachas poiblí méadaithe agus aistriú €4 bhilliún ón Lárchiste chuig an gCúlchiste Náisiúnta Barrachais i mí Feabhra 2023 (féach Fíor 1.1).
- 1.4** Tugann léargas níos iomláine ar fheidhmíocht fhioscach an Stáit in 2023 le fios go raibh barrachas ghinearálta rialtais de thart ar **€8.3 billiún** ann. Is ionann sin agus laghdú beag (€300 milliún nó 3%) ar bharrachas rialtais ghinearálta 2022 de €8.6 billiún.³

Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste, agus iarmhéideanna an Státhchiste agus an rialtais ghinearálta, 2007 – 2023^a



Foinse: Cuntais Airgeadais 2007 go 2023 (Iarmhéid an Státhchiste). An Phríomh-Oifig Staidrimh: Staitisticí airgeadais rialtais, Aibreán 2024 (Iarmhéid an rialtais ghinearálta).

Nóta: a Áirítear ar fháltais agus ar eisiúintí an Lárchiste seirbhísí an fhiachais náisiúnta ach ní áirítear iasachtaíocht arna déanamh ag GBCN thar ceann an Stáit agus aisíoc an fhiachais náisiúnta. Féach larscríbhinn 1B, Fíor 1B.1 chun anailís a dhéanamh ar fháltais agus ar eisiúintí an Lárchiste ó 2018 go 2023.

1 Áirítear le hioncam an Stáit nach n-íoctar go díreach isteach sa Lárchiste, mar shampla, fáltais Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC), a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.


2 Is ionann idirbhearta a thaifeadtar sna Cuntais Airgeadais agus thart ar 77% d'ioncam agus de chaiteachas iomlán an rialtais ghinearálta.

3 Is beart níos leithne é iarmhéid an rialtais ghinearálta ná iarmhéid an Státhchiste. Tomhaiseann sé feidhmíocht fhioscach eárnáil an rialtais ghinearálta, agus is é an tagarmharc caighdeánach é a úsáidtear chun críocha comparáideacha ar fud an Aontais Eorpaigh. Ullmhaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí airgeadais bliantúla agus ráithiúla an rialtais ghinearálta. Féach larscríbhinn 1A le haghaidh achoimre ar na staitisticí sin.

Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste

1.5 Bhí luach **€92.2 billiún** i gceist le fáiltais ón Lárchiste in 2023. B'ionann cánacha agus 96% de na fáiltais (féach Fíor 1.2).¹ Bhí luach **€91 billiún** i gceist le heisiúintí in 2023 ina raibh eisiúintí le haghaidh seirbhísí vótáilte (86%), seirbhísí an fhiachais náisiúnta (4%), ranníocaíochtaí leis an Aontas Eorpach (AE) (4%) agus caiteachas neamhvótáilte eile (6%).

Fíor 1.2 Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste in 2023



Foinse: Cuntais Airgeadais 2023. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nótaí: a Áirítear ioncam barrachais an Bhainc Ceannais (€500m), toradh ón gCrannchur Náisiúnta (€241m), ioncam barrachais GNBS (€350m), díbhinní scaireanna (€419m) agus fáiltais arna mbailiú ag ranna agus oifigí Rialtais (€411m).

b Áirítear iasachtaí Gaeltachta a aisíocadh (€13,000), infheistíocht i gcomhlachtaí idirnáisiúnta (€894,000) agus fáiltais eile (€805m).

c Áirítear an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le caiteachas de €3.2 billiún in 2023.

d Áirítear íocaíochtaí leis an gCúlchiste Náisiúnta Barrachais de €4 bhilliún agus €57 milliún in íocaíochtaí a gearradh ar an Lárchiste maidir le tuarastail, liúntais agus pinsin áirithe.


1 Leagtar amach in larscríbhinn 1B, Fíor 1B.1, anailís ar fháltais agus ar eisiúintí an Lárchiste (gan iasachtaí ó GBCN san áireamh) do na blianta 2017 go 2023.

Fáltais an Státhiste


Fáltais chánach

- 1.6** B'ionann fáltais chánach in 2023 agus €88.1 billiún, an toradh cánach is airde riamh a bhailigh an Stát. Chuir méaduithe suntasacha ar cháin ioncaim (7%), cáin chorparáide (5%) agus CBL (9%) leis an toradh is airde riamh sin (féach Fíor 1.3).
- 1.7** Ba iad fáltais cánach chorparáide an dara sruth ioncaim is mó sa Stát in 2023, rud a sháraigh fáltais CBL don dara bliain as a chéile. B'ionann cáin chorparáide agus 27% d'fháltais cánach iomlána an Státhiste, agus b'ionann admhálacha CBL agus 23%.

Fíor 1.3 Ioncam cánach agus fáltais ÁSPC, 2011 – 2023



Athrú bliain i ndiaidh bliana de réir an chineáil fáltais



Foinse: Cuntais airgeadais. Cuntais an Chiste Árachais Shóisialaigh.

Nóta: a Íoctar fáltais ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

Fáltais neamhchánacha

- 1.8** Bhí roinnt tarluithe ann a chiallaigh go raibh fáltais neamhchaighdeánacha Státhiste ann in 2023.

Ranníocaíocht shealadach dlúthpháirtíochta

- 1.9** Áiríodh ranníocaíocht shealadach dlúthpháirtíochta de €167 milliún le hioncam neamhchánach in 2023. Ranníocaíocht aonuaire ab ea é sin a cuireadh i bhfeidhm ar bhrabúis bharrachais 2022 agus 2023 de chuid cuideachtaí fuinnimh a bhfuil gníomhaíochtaí acu maidir le heastóscadh, mianadóireacht nó scagadh peitрилam, gás nádúrtha, guail nó monarú táirgí guail.

Ceadúnais mhóibíleacha a dhíol

- 1.10** Rinne rialtóir na hearnála cumarsáide, ComReg, íocaíocht eatramhach €140 milliún leis an Státhiste i mí na Bealtaine 2023 faoi alt 30.9 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002. Baineann an íocaíocht seo le táillí a íocann cuideachtaí teileachumarsáide ar bronnadh cearta ar bhandaí speictrim orthu tar éis ceant speictrim ilbhanda 5G.¹

Diúscairtí scairshealbha baincéireachta (AIB agus PTSB)

- 1.11** Fuarthas fáltais iomlána de €287 milliún in 2023 ó chéimeanna a haon agus a dó den phlean trádála scaireanna AIB. Díoladh na scaireanna sin le linn 2022 agus aistríodh na fáltais chuig an Státhiste i mí Eanáir 2023. Fanann na fáltais ó gach díolachán scaireanna AIB atá fágtha le linn 2023 le GBCN go dtí go mbreithneoidh an tAire Airgeadais tuilleadh iad.
- 1.12** Fuarthas fáltais de €215 milliún as páirt a ghlacadh sa chlár aiscéannaigh scaireanna AIB.
- 1.13** Fuarthas fáltais de €55 milliún chun 5% de scairsheilbh Stát na hÉireann in PTSB a dhiúscairt tar éis próiseas socrúcháin scaireanna a cuireadh i gcrích i mí an Mheithimh 2023.


Eisiúintí an Lárchiste

- 1.14** Tháinig méadú ar eisiúintí ón Lárchiste in 2023 go €91 billiún — méadú €5.2 billiún nó 6% ar an mbliain roimhe sin (€85.8 billiún). I measc na n-eisiúintí bhí aistrithe de €4 billiún chuig an gCúlchiste Náisiúnta Barrachais.

Eisiúintí vótáilte

- 1.15** Tháinig méadú os cionn €5.5 billiún (8%) ar eisiúintí le haghaidh caiteachas Vótáilte go €78.4 billiún. Léirigh sé sin leithdháiltí maoinithe chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna costais mhaireachtála, agus tacaíocht do dhídeanaithe ón Úcráin (féach Fíor 1.4).

¹ Tá bannaí speictrim oiriúnach chun 5G agus clúdach móibíleach forleathan a sholáthar, mar aon le cumas líonraí móibíleacha agus seasta a mhéadú. Méadaíonn bronnadh na gceart speictrim, a mhairfidh ar feadh thart ar 19 mbliana, an speictream atá ar fáil do sheirbhísí seasta agus móibíleacha 46%.


Fíor 1.4 Eisiúintí maidir le caiteachas Vótáilte na roinne, 2022 agus 2023

Foinse: Cuntais Airgeadais 2023

Nóta: a Áirítear an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le caiteachas de €3.2 billiún in 2022 agus 2023 araon.

Sócmhainní an Státhchiste***Iarmhéid airgid thirim an Lárchiste***

- 1.16** B'ionann luach an airgid thirim a bhí i seilbh an Státhchiste agus €19 mbilliún ag deireadh 2023 (féach Fíor 1.5). Bhí laghdú €23.3 billiún air seo ó iarmhéid airgid thirim dheireadh 2022, ach fritháiríodh an laghdú ar airgead tirim a coinníodh le hiasachtú mhéadaithe an Státhchiste (féach thíos).

Fíor 1.5 Iarmhéid airgid thirim an Lárchiste, 2009 – 2023

Foinse: Cuntais Airgeadais, 2009 go 2023

Iasachtú an Státhchiste


- 1.17** Amhail an 31 Nollaig 2023, b'ionann sócmhainní airgeadais eile an Státhchiste agus €9.9 billiún, méadú ó €3.05 billiún in 2022. I measc iarmhéid dheireadh 2023 bhí €4.1 billiún i nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe, €4.8 billiún de bhillí státhchiste agus €1 bhilliún in airleacain ghearrthéarmacha airgid thirim le hoifigí fiachais Eorpacha.

- 1.18** Eisíodh méideanna arbh fhiú €201 milliún san iomlán iad ón Lárchiste in 2023 chuig Uisce Éireann (Irish Water roimhe seo) faoi chomhaontú iasachta a rinneadh leis an Aire Airgeadais i mí an Mheithimh 2020. Cuirfear os cionn €1 bhilliún ar fáil d'Uisce Éireann faoin gcomhaontú chun fiachas tráchtála neamhthí atá ann cheana a aisíoc agus chun a riachtanais maidir le hiasachtaí uisce neamhthí a mhaoiniú amach anseo. Ba é €814 milliún an méid iomlán a tarraingíodh anuas go dtí deireadh 2023 (féach larscríbhinn 1B, Fíor 1B.3).

Scairshealbhú i gcuideachtaí Éireannacha

- 1.19** Nochtar scairshealbha i 24 cuideachta Stáit agus príobháideacha sna Cuntais Airgeadais.^{1,2} Déantar leas an Stáit sna cuideachtaí seo a thaifeadh ar chostas stairiúil, agus ar an 31 Nollaig 2023 b'ionann é agus €7.79 billiún san iomlán. Áiríodh leis sin scairsheilbh nua a fuarthas in AirNav Ireland in 2023.
- 1.20** Is ionann scairshealbha ar chostas sa Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (IBRC), Permanent TSB Group, Coillte CGA, Uisce Éireann agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus beagán os cionn 95% (de réir luacha) de na scairshealbha iomlána mar a nochtar iad i gCuntais Airgeadais 2023.
- 1.21** Suas go dtí deireadh 2013, nocht na Cuntais Airgeadais mionsonraí freisin maidir le glanluach sócmhainní (NAV) na scaireanna.³ Taipeánann Fíor 1.6 an difríocht idir an NAV agus costas stairiúil an chothromais do na hocht gcuideachta a bhfuil an ghluaiseacht is airde acu. B'ionann an NAV iomlán do na hocht gcuideachta sin amhail an 31 Nollaig 2023 agus €11.95 billiún agus b'ionann an costas stairiúil agus €7.5 billiún, difríocht de bheagnach €4.45 billiún.

Fíor 1.6 Gluaiseacht i nglanluach sócmhainne an scairchaipitil chuig costas stairiúil, ag deireadh 2023



Foinse: An Roinn Airgeadais

An Cuntas Airgid Ilearraí

- 1.22** Is cuntas coinneála sealadach é an Cuntas Airgead Ilearraí (SMA) a thaifeadhann idirbhearta agus iarmhéideanna a fhaightear de ghnáth isteach i Lárchiste an Stáitchiste, ach a choinnítear ar ais go dtí go bhfaightear treoracha cuí agus leordhóthanacha chun diúscairt deiridh na gcistí a cheadú. Is í an Roinn Airgeadais a bhainistíonn an SMA agus tá cuntas air in aguisín leis na Cuntais Airgeadais. Ó thaobh riaracháin de, is é an cuspóir ná an t-am a shealbhaítear cistí sa chuntas a íoslaghdú, chun a chinntiú go bhfaightear iad isteach sa Lárchiste go pras.


1 Féach ráiteas 1.8(A) de na Cuntais Airgeadais 2023.

2 Ní ráiteas airgeadais cuimsitheach don Stát iad na Cuntais Airgeadais, agus ní liostaíonn siad a shócmhainní agus a dhileanais go léir. Shonraigh an Roinn Airgeadais go bhfuil leas ag an Stát in níos mó einteach ná mar atá leagtha amach sna Cuntais Airgeadais.

3 Is ionann glanluach sócmhainní, nó NAV, agus luach shócmhainní cuideachta lúide a dhileanais.

- 1.23** B'ionann fáltais isteach sa SMA in 2023 agus €819 milliún san iomlán, agus b'ionann aistrithe amach chuig an Lárchiste agus €963 billiún. In 2023, aistríodh cistí a bhí díreach faoi bhun €23 milliún san iomlán ón SMA chuig cinn scríbe eile: an tAontas Eorpach (€4.1 milliún) agus an Roinn Tithíochta (€18.8 milliún). B'ionann an t-iarmhéid a bhí sa SMA ag deireadh 2023 agus €28 milliún, agus fuarthas os cionn a leath díobh sna 30 lá roimhe sin. Is ionann é sin agus laghdú suntasach ar an iarmhéid a coinníodh sa chuntas seo ag deireadh 2022 (féach Fíor 1.7).

Fíor 1.7 Iarmhéideanna dheireadh bliana an Chuntais Airgid Ilearraí, 2011 – 2023



Foinse: An Cuntas Airgid Ilearraí, 2011 go 2023

Dlitanais an Státhiste

Fiachas náisiúnta


- 1.24** Tháinig méadú 1.4% (€3.3 billiún) ar fhiachas náisiúnta na hÉireann in 2023 go €234.5 billiún ag deireadh na bliana (féach Fíor 1.8).¹
- 1.25** Bhí os cionn 81% (€191.1 billiún) den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2023 i bhfoirm iasachtaíocht mheántéarmach agus fhadtéarmach. Chuimsigh sé sin bannaí rialtais den chuid is mó (bannaí le ráta seasta, bannaí amúchta agus bannaí atá nasctha le boilsciú), iasachtaí chláir AE (an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach agus an tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach) agus an ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE).
- 1.26** B'ionann fiach a d'eascair as na scéimeanna éagsúla coigiltis Stáit agus €19.8 billiún, nó 8% den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2023.
- 1.27** B'ionann fiachas gearrthéarmach agus €23.6 billiún den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2023. Chuimsigh sé sin 'páipéar gearrthéarmach' dar luach €17.3 billiún; iasachtaí €4 bhilliún ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist; agus €2.3 billiún de chistí barrachais a bhí i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta.^{2,3}

1 Sainmhínítear 'fiachas náisiúnta' in alt 1 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, mar fhiachas an Státhiste atá neamhíoctha de thuras na huaire.


2 Tá aibíocht bhunaidh atá níos lú ná bliain amháin ag fiachas airgid ghearrthéarmaigh páipéir.

3 Taifeadann an cuntas barrachais airgid ó chaiteachas poiblí (SPEM) iasachtaíocht agus aisíoc na gcistí barrachais arna sealbhú i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta.

Fíor 1.8 Fiachas náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, 2011 – 2023



Comhdhéanamh an fhiachais náisiúnta ag deireadh 2023



Foinse: Ráitis Airgeadais d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann 2023, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

- 1.28** Eisíodh €17.2 billiún i bpáipéar gearrthéarmach do chomhlachtaí Rialtais. I ndáiríre, iasachtaíocht de chistí barrachais a bhí acu a bhí i gceist anseo. Coinnítear an chuid is mó de seo i bhfoirm nótaí an Stáitchiste agus cuimsíodh €15.5 billiún a fuarthas ar iasacht ó chomhlachtaí agus cistí an rialtais láir; €1.3 billiún ó údarais áitiúla; agus an t-iarmhéid ó chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí.

Spríoc fhiachais an rialtais ghinearálta

- 1.29** Is slat tomhais níos cuimsithí é fiachas an rialtais ghinearálta (GGD) d'fhiachas an Stáit ná fiacha náisiúnta, agus is é an slat tomhais chaighdeánaithe é, a gcaithfidh gach tír AE a thuairisciú de réir an dlí, faoi Chonradh Maastricht.¹

- 1.30** €220.7 billiún a bhí in GGD faoi dheireadh 2023. Tá difríocht (thart ar €13.8 billiún) ann idir GGD agus an fiachas náisiúnta mar gheall ar ghlanluacháil (ar chomhdhlúthú) na n-urrús fiachais atá ag comhlachtaí rialtais eile agus mar gheall gur cuireadh iasachtaí na n-údarás áitiúil leis ó lasmuigh d'earnáil an rialtais.


- 1.31** De réir rialacha fioscacha na hEorpa, níor cheart go mbeadh GGD na mballstát os cionn 60% dá nOlltáirgeacht Intíre (OTI), nó, má tá sé os a cionn, ba cheart go laghdódh sé de réir a chéile i dtreo na sprice 60%,² Mar gheall ar fhás láidir OTI roimhe seo, laghdaigh cóimheas OTI na hÉireann go 43.3% ag deireadh 2023 (féach Fíor 1.9).

1 Cuimsíonn fiachas an rialtais ghinearálta dliteanais fiachais an rialtais láir, an rialtais áitiúil agus cistí slándála sóisialta, gan fiachas atá dlite ag earnáil rialtais amháin d'earnáil rialtais eile a áireamh.

2 I mí Aibreáin 2024, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh le hathchóirithe suntasacha ar rialacha fioscacha an Aontais. Faoi na rialacha nua seo tá an spríoc de 60% gan athrú ar fad.

- 1.32** Is táscaire é OIN* (bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta) a dearadh go sonrach chun méid an gheilleagair Éireannaigh a thomhas trí thionchar an domhandaithe a chur as an áireamh. Faoi dheireadh 2023, 75.9% ba ea an cóimheas fiachais is OIN* (84.2% in 2022).¹

Fíor 1.9 Cóimheasa fiachais is OTI agus fiachais is OIN* na hÉireann, 2011 – 2023 (céatadán)



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. An Roinn Airgeadais.

Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí


- 1.33** Is éard is comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) ann ná socrú idir údarás poiblí agus comhpháirtí príobháideach atá deartha chun sócmhainní agus/nó seirbhísí bonneagair phoiblí a fháil agus a sheachadadh faoi chonarthaí fadtéarmacha. Déanann an comhpháirtí príobháideach an tsócmhainn a mhaoiniú agus a thógáil, agus ina dhiaidh sin cuirtear ar fáil í lena húsáid ag an bpobal agus íocann an Stát agus/nó úsáideoirí aisti (trí mhuirir úsáideora) thar thréimhse fhada (25 bliana de ghnáth). Tagann an tsócmhainn faoi úinéireacht an Stáit ina dhiaidh sin.
- 1.34** De ghnáth, breathnaítear ar CPPanna mar shásra maoinithe 'lasmuigh den chlár comhardaithe' ó thaobh an rialtais ghinearálta de, toisc nach gcuirtear dliteanais faoi chonarthaí CPP san áireamh go hiondúil agus GGD á ríomh. Comhlíontar dliteanais de réir mar a eascraíonn siad as eisiúintí vótáilte as an Lárchiste, nó as muirir úsáideoirí i gcás na dtionscadal lamháltais CPP.

¹ D'fhéadfadh go dtiocfaí méadú ar leibhéil bhliantúla chomhiomlána na n-aisíocaíochtaí le linn na tréimhse seo de réir mar a chuirtear conarthaí nua CPP i bhfeidhm.

² Tuairiscíodh an cóimheas OIN le Fiachas do 2022 ar dtús ag 82.3%. Rinneadh é sin a athbhreithniú ina dhiaidh sin go 84.2%, arna fhoilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i mí Iúil 2024.

- 1.35** Déanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe (An Roinn Caiteachais Phoiblí) na gealltanais a dhéanfar amach anseo faoi thionscadail CPP a rianú. Faoi dheireadh 2023, bhí 30 scéim CPP i bhfeidhm go hiomlán agus naoi gcinn ag an gcéim forbartha. Faoin dáta sin, bhí luach breis is €5.92 billiún ag baint le gealltanais CPP amach anseo (2022: €6.3 billiún) (féach Fíor 1.10).
- 1.36** Bhain luach thart ar €338 milliún le caiteachas ar íocaíochtaí aonadacha CPP in 2023. De réir na socruithe atá i bhfeidhm faoi láthair, tá an Stáitchiste tiomanta d'íocaíochtaí thart ar €333 milliún in aghaidh na bliana san iomlán a dhéanamh go dtí 2035.² Ina dhiaidh sin, laghdóidh na híocaíochtaí faoi na socruithe sin de réir a chéile, toisc go mbeidh na conarthaí níos sine curtha i gcrích.

Fíor 1.10 Comhdhéanamh chostas iomlán réamh-mheasta gach íocaíochta CPP atá le híoc



Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí

An Ghníomhaireacht Forbartha Talún CGA a mhaoiniú

- 1.37** Bhunaigh ordú reachtúil an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (an Ghníomhaireacht) in 2018. Príomhfheidhm na gníomhaireachta is ea talamh a chomhordú laistigh den rialú poiblí chun críche tithíochta, agus chun tithíocht a fhorbairt agus a bhainistiú ar thalamh poiblí agus ar thalamh eile, as a stuaim féin nó i gcomhar le daoine eile. Chuir Vóta 33 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht maoiniú ar fáil go díreach don Ghníomhaireacht go dtí mí an Mhárta 2022.
- 1.38** Faoin Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, athbhunaíodh an Ghníomhaireacht mar chuideachta gníomhaíochta ainmnithe (CAG).^{1,2} De réir an Achta, is iad an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (an tAire Caiteachais Phoiblí) na scairsealbhóirí sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún CAG.
- 1.39** Chomh maith leis sin, de réir an Achta, treoraíonn an tAire Airgeadais leithdháileadh an mhaoinithe ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF) — bainistithe ag GBCN — mar iasachtaí don Ghníomhaireacht Forbartha Talún, nó chun críche a dhliteanas a chomhlíonadh maidir leis na scaireanna dálte agus eisithe ag an nGníomhaireacht don Aire Caiteachais Phoiblí, nó don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, i gcomhréir le hAlt 25(2) nó Alt 25(3) den Acht.
- 1.40** Chuir Acht 2021 uasteorainn €1.25 billiún leis an maoiniú iomlán ISIF atá ar fáil maidir le hinfheistíocht sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún.
- 1.41** I mí an Mhárta 2022, thug an tAire Airgeadais treoir don GBCN €100 milliún a aistriú ón ISIF don Ghníomhaireacht chun críche a dhliteanas a chomhlíonadh do scaireanna sa chomhlacht le bheith leithdháilte mar atá leagtha amach in Alt 25 (2) den Acht i.e.
- scaireanna ar luach €1 milliún iad leithdháilte ar an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
 - scaireanna ar luach €99 milliún iad leithdháilte ar an Aire Caiteachais Phoiblí.
- 1.42** In 2023, threoraigh an tAire Airgeadais tuilleadh íocaíochtaí ar luach €825 milliún ar an iomlán ón ISIF chun críche a dhliteanas a chomhlíonadh maidir le tuilleadh scaireanna dálte agus eisithe ag an nGníomhaireacht don Aire Caiteachais Phoiblí.

1 Lánscóir Acht 2021 an Ghníomhaireacht a bunaíodh faoi ordú 2018, agus aistríodh foireann, acmhainní agus sócmhainní na Gníomhaireachta chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún ar an 31 Márta 2022.

2 De réir an Achta caithfidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar an nGníomhaireacht (ag tosú don bhliain airgeadais 2022).

1.43 I mí an Mhárta 2024, leasaíodh an tAcht chun an maoiniú iomlán is féidir a chur ar fáil ón ISIF don Ghníomhaireacht a ardú go €2.5 billiún.¹

1.44 Níl infheistíocht an Stáit i scaireanna na Gníomhaireachta foilsithe sna Cuntais Airgeadais^{2,3} Chomh maith leis sin, ní aithnítear í sa ráiteas ar sheasamh airgeadais Vóta 11 Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Fhorbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Ina áit sin, nochtann nóta i gcuntas leithreasa Vóta 11 méid scaireanna an Aire Caiteachais Phoiblí sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún CAG.

Idirbhearta AE na hÉireann a thuairisciú

1.45 I mí Eanáir 2020, gheall an Roinn tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú, ar bhonn comhdhlúite, maidir leis na hidirbhearta airgeadais idir Éirinn agus an AE. Cuspóir na tuarascála seo is ea léargas cuimsitheach a chur ar fáil ar idirbhearta dá leithéid in aon cháipéis amháin, toisc nach furasta teacht ar an eolas seo in áiteanna eile.

1.46 D'fhoilsigh an Roinn a tuarascáil maidir le hidirbhearta 2022 na hÉireann leis an AE i mí Mheán Fómhair 2024.⁴

Ranníocaíocht na hÉireann don AE

1.47 In 2023, chuir Éire €3.7 billiún le buiséad an Aontais Eorpaigh (Féach Fíor 1.11).⁵ Cuimsíonn an ranníocaíocht na gnéithe seo a leanas.

- Ranníocaíocht €2.7 billiún 'd'acmhainní féin' OIN — bunaithe ar leibhéal ioncain de réir ollioncam náisiúnta (OIN) ballstáit.⁶
- Ranníocaíocht €445 milliún 'd'acmhainn thraidisiúnta féin' (ATF) — bunaithe ar dhleachtanna custaim a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar earraí iompórtáilte ó lasmuigh den AE, a bhfuil 75% de infoctha leis an AE.
- Ranníocaíocht €371 milliún bunaithe ar CBL — 0.3 faoin gcéad de bhonn CBL na hÉireann.
- Ranníocaíocht €189 milliún bunaithe ar phlaisteach (laghdú €8 milliún i gcomparáid le 2022).

1 Alt 69 den [Acht Rialtais Áitiúil \(Méara Luimnigh\)](#) agus [Forálacha Ilghnéitheacha, 2024](#).

2 Féach ráiteas 1.8(A) de na Cuntais Airgeadais 2023.


3 Dúirt an Roinn Airgeadais nach ráiteas cuimsitheach airgeadais don Stát, dá acmhainní agus shócmhainní iad na Cuntais Airgeadais, agus go bhfuil leas ag an Stát in níos mó eintiteas ná mar atá leagtha amach sna Cuntais Airgeadais.

4 Tá an Tuarascáil Bhliantúil ar Idirbhearta na hÉireann leis an AE 2022 ar fáil [anseo](#).

5 Ní chuirtear san áireamh íocaíochtaí a rinne Éire a tháinig chun cinn ó mhaoiniú aisghafa an AE agus fineálacha a ghearr an AE.

6 Meastar gur gné chothromaithe é ranníocaíocht acmhainní féin an OIN, chun a chinntiú go gclúdaítear gach caiteachas comhaontaithe i mbuiséad bliantúil an AE le teacht isteach iomlán an bhuiséid. Ag brath ar iomlán na n-ioncam bliantúil atá ag teastáil chun caiteachas a mhaoiniú, cuirtear glaoirí aonfhoirmeach i bhfeidhm ar OIN gach ballstáit. Athraíonn an glaoirí ó bhliain go bliain.

Fíor 1.11 Ranníocaíocht na hÉireann do bhuiséad an AE, 2018 – 2023



Foinse: Cuntais Airgeadais 2018 go 2023


Leasuithe ranníocaíochta

- 1.48** D'aithin Coimisiún an AE patrún calaoise ar fud an AE a bhain le hiompórtáil teicstílí agus choisbhirte ón tSín ar luach suntasach ganniontráilte, a raibh cailiteanas córasach ar 'acmhainní traidisiúnta féin' (TOR) an AE thar roinnt blianta mar thoradh air. Ríomh an Coimisiún sciar na hÉireann de chailliteanais iomlána AE thaibhithe ag €30.4 milliún (0.69%). D'íoc Éire €30.4 milliún ón Lárchiste in 2021, ar chúlstistí, chun carnadh an úis íocaíochta déanaí a sheachaint ar na cailiteanais.
- 1.49** Beidh an íocaíocht maidir leis an gcalaois aisíochta go hiomlán i ndiaidh thoradh na Cúirte Breithiúnais i dtaca leis an gCás AE a thug an Coimisiún Eorpach in aghaidh an Ríocht Aontaithe, i mí an Mhárta 2022. Aisíocadh an chéad tráinse de €9.8 milliún trí asbhaint ó dhliteanas TOR na hÉireann do mhí Iúil 2023. Baineadh an tsuim a bhí fágtha (€20.6 milliún) ó dhliteanas TOR na hÉireann do mhí Lúnasa 2024.
- 1.50** Íocann ballstáit AE rannpháirteacha as caiteachas na hOifige Ionchúisitheora Poiblí Eorpaigh (EPPO).¹ Toisc nach nglacann Éire (chomh maith leis an Danmhairg, an Ungáir agus an tSualainn) páirt san EPPO, déantar oiriúnú ar na ranníocaíochtaí bliantúla di. Aisíocadh breis is €31 milliún le hÉirinn ar mhaithe le ranníocaíochtaí na hÉireann a laghdú i mí na Nollag 2023.

Fáltais na hÉireann ó bhuiséad an AE

- 1.51** Fuair Éire €2 bhilliún ón AE in 2022 (féach Fíor 1.12).

Fíor 1.12 Foinsí fháltais na hÉireann ó bhuiséad an AE, 2018 – 2023



¹ I gcomhréir le hAlt 332 den TFEU, agus bunaithe ar Alt 91(7) den Rialachán ón gComhairle (AE) 2017/1939.

Foinse: *Ireland: Budgetary Statistics*, an Roinn Airgeadais. Ní raibh staitisticí 2023 ar fáil tráth foilsithe na tuarascála.

Cúlchiste Coigeartaithe Brexit

- 1.52** Cruthaíodh Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (BAR) chun cabhrú le cur in aghaidh iarmhairtí neamhfhabhracha eacnamaíocha agus sóisialta an Bhreiteamachta do gach ballstát. Chuir leithdháileadh BAR do na ballstáit é seo a leanas san áireamh:
- tábhacht na n-iascach i gcrios eacnamaíoch na Ríochta Aontaithe amháin
 - tábhacht na trádála leis an Ríocht Aontaithe, agus
 - tábhacht na nasc in aice láimhe do réigiúin na teorann muirí leis an Ríocht Aontaithe agus lena pobail.
- 1.53** Tháinig rialachán BAR i bhfeidhm ar an 11 Deireadh Fómhair 2021. Leithdháileadh maoiniú €1.165 billiún ar Éirinn, toisc gur cheann de na ballstáit í a raibh an tionchar ba mhó ag an mBreiteamach uirthi. Ina dhiaidh sin, aistríodh €150 den mhaoiniú seo chuig leithdháileadh na hÉireann do bhearta REPowerEU (féach alt 1.60).
- 1.54** Ó 2021 i leith, fuair Éire trí íocaíocht ón BAR ar luach €802 ar an iomlán — thart ar 79% den leithdháileadh athbheithnithe. €361.7 milliún a bhí ann in 2021, €276.7 milliún in 2022 agus €163.7 milliún in 2023.

Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)

- 1.55** Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) tacaíocht airgeadais ar fáil do bhallstáit chun luas a chur faoin téarnamh geilleagrach ó thionchar phaindéim Covid-19 agus chun ballstáit a dhéanamh níos láidre.¹ Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí freagrach as an RRF a chur i bhfeidhm in Éirinn.
- 1.56** Ar mhaithe le rochtain a fháil ar mhaoiniú RRF, éilíodh ar bhallstáit Plean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta (NRRP) a chur le chéile, ina leagtar amach clár na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá le déanamh faoi mhí Lúnasa 2026.
- 1.57** Faomhadh NRRP na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2021. Tugadh achoimre ann ar bhearta ar luach díreach faoi bhun €1 bhilliún. Tugadh maoiniú deontais RRF €914 milliún d'Éirinn, le tarraingt anuas an mhaoinithe ag brath ar Éirinn ag baint garspriocanna agus cuspóirí ar leith a bhaint amach.² Íoctar deontas RRF i gcúig thráthchuid.
- 1.58** Thuairiscigh Cúirt Iníúcháirí na hEorpa i mí Iúil 2024 go raibh moill ar an ionsú cistí RRF, agus cé gur ghníomhaigh an Coimisiún agus na ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na moilleanna seo, tá baol ann fós maidir le críochnú na mbeart agus dá bharr sin maidir le baint amach chuspóirí RRF.³ Ó mhí Lúnasa 2024 amach, bhí €265 billiún ar an iomlán, nó 37% den uasmhéid (€724 billiún) ar fáil faoi rialachán RRF íoctha amach le ballstáit an AE.

1 Bhunaigh Rialachán (AE) 2021/241 an RRF, a cuireadh i bhfeidhm ar an 19 Feabhra 2021.

2 Tá Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann 2021 ar fáil [anseo](#).

3 Tuarascáil speisialta 13/2024 Chúirt Iníúcháirí na hEorpa: Tá Ionsú cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar fáil [anseo](#).

- 1.59** Faoin rialachán RRF, is féidir le ballstát athbhreithniú a dhéanamh ar a NRRP sna cásanna seo a leanas:
- chun tairbhe a bhaint as tuilleadh maoinithe REPowerEU — plean an AE chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú go sciobtha, cur le neamhspleáchas agus slándáil sholáthar fhuinneamh an Aontais agus luas a chur faoin aistriú glas
 - chun an t-athrú ar uasmhéid leithdháilte airgeadais an bhallstáit faoin RRF a léiriú
 - chun na hacmhainní a theastaíonn chun tuilleadh iasachtaí RRF a thógáil a chur in iúl
 - más féidir le ballstát a léiriú go bhfágann cúinsí oibiachtúla nach féidir garspriocanna agus cuspóirí ar leith a chur i bhfeidhm — mar shampla i ngeall ar bhoilsciú nó ar fhadhbanna le slabhra an tsoláthair.
- 1.60** Ó 2021 i leith, tá Éire ag déanamh iarratas ar a NRRP a leasú de réir na rialachán chun garspriocanna agus cuspóirí nach raibh inbhainte amach níos mó mar gheall ar chúinsí oibiachtúla a chur san áireamh, agus chun leas a bhaint as tuilleadh maoinithe REPowerEU. I ndiaidh fhaomhadh an Choimisiún den phlean leasaithe, a bhfuil caibidil REPowerEU ann, tá luach €1.153 billiún (i ndeontais) ag baint leis an bplean anois.
- 1.61** Tá méadú air mar gheall ar bhearta REPowerEU, amhail leasú na forbartha gaoithe amach ón gcósta in Éirinn. Leithdháileadh BAR €150 milliún, agus deontas REPowerEU €89 milliún atá ag cur airgead ar fáil do na bearta seo.
- 1.62** Cuirtear maoiniú ar fáil do na tionscadail NRRP trí ghnátheisiúintí vótáilte ón Státchiste ar dtús, le hairgead bainteach faighte ar ais ón AE tar éis gur baineadh amach agus gur dearbhaíodh na garspriocanna agus cuspóirí riachtanacha.
- 1.63** I mí Mheán Fómhair 2023, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí a céad iarratas ar íocaíocht RRF faoi bhráid an AE do €324 milliún (28% den leithdháileadh atá ar fáil). D'fhaomh an Coimisiún íoc amach an airgid d'Éirinn ar an 11 Iúil 2024.
- 1.64** Fuair Éire an íocaíocht i mí Iúil 2024. Ní dhearnadh aon iarratas eile ar airgead maidir leis an RRF nuair a cuireadh an tuarascáil seo i gcrích.

larscríbhinn 1A staitisticí airgeadais rialtais na Príomh-Oifige Staidrimh

Éilíonn Eurostat, údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh, ar gach ballstát raon staitisticí airgeadais a tháirgeadh a chomhlíonann na sainmhínithe comhchuibhithe agus na caighdeáin chomhchuibhithe laistigh de Chóras Eorpach na gCuntas 2010.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) freagrach as tuairisciú oifigiúil a dhéanamh ar staidreamh airgeadais rialtais ghinearálta na hÉireann.

Cuimsíonn na haschuir airgeadais rialtais ghinearálta agus an staidreamh rialtais ghinearálta ón bPríomh-Oifig Staidrimh na príomhráitis seo a leanas

- Tábla 1.1 — airgeadas rialtais ghinearálta
- Tábla 1.2 — idirbhearta rialtais ghinearálta: ioncam, caiteachas, maoiniú agus easnamh
- Tábla 2.1 — rialtas ghinearálta, rangú mionsonraithe an ioncaim agus an aschuir
- Tábla 2.2 — rialtas ghinearálta, rangú mionsonraithe an chaiteachais agus an chaithimh
- Tábla 3.1 — ollfhiachas agus fiachas glan an rialtais ghinearálta
- Tábla 3.2 — idirbhearta airgeadais an rialtais ghinearálta
- Tábla 3.3 — rialtas ghinearálta: miondealú mionsonraithe ar ghlanfhiúchas
- Tábla 3.4 — glanfhiúchas, ollfhiachas agus fiachas glan an rialtais ghinearálta.

Cuimsítear in earnáil an rialtais ghinearálta an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, comhlachtaí neamhthráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus cistí buiséadacha breise, na comhlachtaí tithíochta ceadaithe is mó agus ospidéal dheonacha.

Tá liosta iomlán na n-eintiteas foilsithe ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh.

Iarscríbhinn 1B Táblaí sonraí

Fíor 1B.1 Comhdhéanamh fháltais agus eisiúintí an Lárchiste, 2018 – 2023^a

	2018	2019	2020	2021	2022	2023
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Fáltais						
<i>Fáltais reatha</i>						
Ioncam cánach	55,557	59,314	57,165	68,410	83,130	88,117
Ioncam barrachais an Bhainc Ceannais ^b	2,108	2,395	2,050	666	1,068	500
Fáltais an Chrannchuir Náisiúnta	225	251	270	290	258	241
Díbhinní ó chomhlachtaí Stáit	261	262	133	152	199	419
Ioncam barrachais GNBS	—	—	2,000	1,000	500	350
Ioncam reatha eile	311	440	197	422	413	701
<i>Fáltais chaipitiúla</i>						
Iasachtaí réamhíoctha/aisíoctha ^c	933	1,055	1,680	10,382	3,474	880
Bearta cobhsaíochta na hearnála airgeadais	341	682	3	—	—	—
Cúlchiste Náisiúnta Barrachais	—	—	1,500	—	—	—
Fáltais ón AE	89	24	25	645	277	183
Fáltais chaipitiúla eile	483	6	5	274	1,455	805
Iomlán na bhfáltais	60,308	64,429	65,028	82,240	90,774	92,197
Eisiúintí						
Eisiúintí don chaiteachas vótáilte	50,445	54,146	67,849	71,579	72,840	78,385
Seirbhísíú an fhiachais náisiúnta	5,967	5,220	4,676	3,745	3,841	3,309
Ranníocaíocht le buiséad AE	2,519	2,432	2,569	3,507	3,557	3,684
Coimisiún Thithe an Oireachtais	131	126	132	133	137	152
Iasachtaí/airleacain ^c	975	935	1,523	10,264	3,050	1,018
Uisce Éireann (scaireanna, ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí) ^c	—	758	372	130	112	201
Aistriú don Chiste Rialtais Áitiúil ^d	12	—	—	—	—	—
Cúlchiste Náisiúnta Barrachais	—	—	—	—	2,000	4,000
Íocaíochtaí eile	160	165	224	255	251	269
Iomlán na n-eisiúintí	60,209	63,782	77,345	89,612	85,788	91,019
Barrachas/(easnamh) don bhliain	99	647	(12,317)	(7,372)	4,985	1,178

Foinse: Cuntais Airgeadais 2017 go 2023. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

- Nótaí:
- a Tá idirbhearta chuntas an Lárchiste agus an Chuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla comhdhlúthaithe. Coinníonn GBCN an cuntas deireanach sin chun fiachas náisiúnta agus idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta a sheirbhísíú.
 - b Is éard atá sa mhéid a fhaightear isteach sa Lárchiste gach bliain go príomha ná an t-ioncam barrachais don bhliain airgeadais roimhe sin, de réir ráitis airgeadais iniúchta Bhanc Cheannais na hÉireann.
 - c Féach Fíor 1B.3 le haghaidh tuilleadh mionsonraí.
 - d Bainteach le cur i bhfeidhm fáltais cánach maoiní áitiúla (CMÁ), a cuireadh san áireamh in ioncam cánach roimh 2018. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, iocann na Coimisinéirí Ioncaim fáltais CMÁ go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil, seachas go hindíreach tríd an Lárchiste.

Fíor 1B.2 Gluaiseachtaí in iarmhéideanna airgid agus i sócmhainní airgeadais an Státhiste, 2018 – 2023

Athrú sa bhliain	2018	2019	2020	2021	2022	2023
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	13,217	17,593	18,536	19,200	29,149	26,351
Glan-iasachtaíocht/(aisíocaíocht a) an Státhiste sa bhliain	4,276	297	12,981	17,321	(7,783)	1,382
Barrachas/(easnamh) Státhiste	99	647	(12,317)	(7,372)	4,985	1,178
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	17,593	18,536	19,200	29,149	26,351	28,911
Comhdhéanamh airgid agus sócmhainní airgeadais amhail an 31 Nollaig						
Iarmhéid airgid thirim an Lárchiste	15,338	16,502	17,362	27,474	23,306	19,003 ^a
Éarlaisí airgid thirim	—	—	—	—	—	1,000 ^b
Billí Státhiste	—	—	—	—	25	4,768
Nótaí ráthaithe ag an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe	1,558	1,913	1,586	1,665	3,010	4,130
Nótaí ráthaithe meántéarmacha SBCI ^c	85	25	—	10	10	10
Maoiniú comhthaobhach	612	96	252	—	—	—
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	17,593	18,536	19,200	29,149	26,351	28,911

Foinse: Cuntais Airgeadais 2017 go 2023. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

- Nótaí:
- a Iarmhéid €150,000 san áireamh atá sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CSRA) (2022: €204,000).
 - b Airleacain ghearrthéarmacha airgid thirim an Státhiste d'oifigí fiachais na hEorpa. Chun tacú leis an mbainistíocht leachtachta, tógann agus tugann oifigí fiachais na hEorpa airgid tirim ar iasacht óna chéile/dá chéile ar bhonn gearrthéarmach déthaobhach.
 - c Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) faoin Acht um Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Is é an aidhm atá léi ná rochtain ar mhaoiniú solúbtha a chinntiú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann trí sholáthar maoinithe ar chostas níos ísle agus táirgí solúbtha a éascú. Is leis an Aire Airgeadais scairchaipiteal eisithe CBSÉ.

Fíor 1B.3 Iasachtaí agus airleacain, 2018 – 2023

	2018	2019	2020	2021	2022	2023
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta						
Iarmhéid tosaigh	740	725	750	670	655	670
Aisíocaíochtaí	(740)	(725)	(750)	(670)	(655)	(670)
Airleacain	725	750	670	655	670	670
Iarmhéid deiridh	725	750	670	655	670	670
An Ciste Árachais Shóisialaigh						
Iarmhéideanna tosaigh	—	—	—	—	—	—
Aisíocaíochtaí	—	—	600	(9,370)	(2,380)	—
Airleacain	—	—	600	9,370	2,380	—
Iarmhéid deiridh	—	—	—	—	—	—
Tacaíocht cobhsaíochta AE don Ghréig						
Iarmhéid tosaigh	347	347	347	344	323	310
Aisíocaíochtaí	—	—	3	(22)	(13)	(61)
Iarmhéid deiridh	347	347	344	323	310	249
An Ciste um Chúiteamh Árachais						
Iarmhéid tosaigh	636	636	556	414	345	160
Aisíocaíochtaí	—	(80)	(142)	69	(185)	(120)
Iarmhéid deiridh	636	556	414	345	160	40
Uisce Éireann						
Iarmhéid tosaigh	—	—	—	372	502	613
Iasachtaí	—	—	372	130	112	201
Iarmhéid deiridh	—	—	372	502	614	814
Iasachtaí agus airleacain eile						
Iarmhéid tosaigh	236	293	228	296	284	43
Comhshó iasachtaí/aisíocaíochtaí	193	(250)	(185)	(253)	(241)	(30) ^a
Iasachtaí eisthe	250	185	253	241	—	348 ^b
Iarmhéid deiridh	293	228	296	284	43	360
Iarmhéid deiridh iomlán	2,001	1,881	2,096	2,109	1,797	2,134

Foinse: Cuntais Airgeadais 2018 go 2023. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nótaí: a Airleacain do An Post aisíochta.

b Airleacain do Chuntas Soláthair PMG faoin Acht Leithreasa 2022.